Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0205

Iarraidh ar dhíolúine Péter Magyar a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2025 ar an iarraidh ar dhíolúine Péter Magyar a tharscaoileadh (2025/2096(IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Péter Magyar, dar dáta an 21 Márta 2025, a thíolaic an Chúirt Dúiche Lárnach Pest san Ungáiri ndáil le himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh ina choinne trí dhíotáil phríobháideach, agus a fhógairt sa Pharlaimint an 5 Bealtaine 2025,

– ag féachaint don fhíoras gur dhiúltaigh Péter Magyar dá cheart chun éisteacht a fháil i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d’Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d’Airteagal 6(2) d’Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

– ag féachaint d’Airteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire,

– ag féachaint do bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013, 19 Nollaig 2019 agus an

5 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0182/2025),

A. de bhrí, an 21 Márta 2025, gur thíolaic Cúirt Dúiche Lárnach Pest iarraidh ar dhíolúine Péter Magyar a tharscaoileadh, Feisire de Pharlaimint na hEorpa a toghadh san Ungáir, i ndáil le cion líomhnaithe faoi Roinn 226 de Gníomh Uimh. C de 2012 maidir le Cód Coiriúil na hUngáire, i gcás fíorais a tharla i mí Aibreáin 2024 i gcás coiriúil clúmhillte ina choinne, arna thionscnamh ag páirtí ionchúisimh príobháideach;

B. de bhrí go léirítear san iarraidh ar dhíolúine a tharscaoileadh go gcuirtear i leith Péter Magyar go ndearna sé ráitis go poiblí le linn léirsithe, a raibh ráitis bhréagacha ina measc agus gur scaip sé ráflaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chlú na gluaiseachta polaitiúla 'Mi Hazánk Mozgalom' (an Ghluaiseacht 'Ár dTír Dhúchais') agus do chlú duine dá Leas-Uachtaráin, Feisire de Pharlaimint na hUngáire; de bhrí gur tionscnaíodh imeachtaí ionchúisimh phríobháidigh, bunaithe ar ghearán coiriúil maidir le clúmhilleadh, i gcoinne Péter Magyar an 13 Bealtaine 2024;

C. de bhrí gur toghadh Péter Magyar i dtoghcháin Eorpacha mhí an Mheithimh 2024 agus go raibh sé i mbun feachtais do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa tráth an ghearáin choiriúil ina choinne;

D. de bhrí nach bhfuil an sárú líomhnaithe agus an iarraidh ar tharscaoileadh na díolúine mar thoradh air nasctha le tuairim nó vóta arna chur in iúl ag Péter Magyar agus a dualgais á gcomhlíonadh a aige de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

E. de bhrí go sonraítear in Airteagal 9, an chéad mhír, pointe (a), de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh

---

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, Marra v De Gregorio agus Clemente, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, Gollnisch v Parlaimint, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, Patriciello, C-163/10, ECLI:EU:C:2011:543. breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, Gollnisch v an Pharlaimint, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, Junqueras Vies, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115. breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 5 Iúil 2023, Puigdemont i Casamajó e.a. v an Pharlaimint, T-272/21, ECLI:EU:T:2023:373;

go bhfuil ag Feisirí Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch a stáit féin, na díolúintí a thugtar d'fheisirí a bparlaiminte féin;

F. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire go mbeidh díolúine pharlaiminteach ag comhaltaí de Pharlaimint na hUngáire; de bhrí, de bhun Alt 79(2) d'Acht Uimh. XXXVI 2012 maidir leis an Tionól Náisiúnta, go mbeidh an díolúine chéanna ag duine atá cláraithe le héifeacht chríochnaitheach agus cheangailteach mar iarrthóir agus atá ag comhaltaí go dtí go mbeidh toradh an toghcháin críochnaitheach agus ceangailteach, agus de bhrí, in aon chás, de bhun Alt 79(1) de, go mbeidh díolúine ag na Feisirí ó lá a dtofa; de bhrí, de bhun Airteagal 74(1) de Dhlí Uimh. XXXVI de 2012 a bhaineann leis an bParlaimint Náisiúnta, ní féidir imeachtaí coiriúla nó, i gcás ina ndiúltaítear díolúine a tharscaoileadh go deonach sa chás i dtrácht, imeachtaí sáraithe a thionscnamh ná a ionchúiseamh, agus nach féidir bearta faoin nós imeachta coiriúla ceangailteacha a chur i bhfeidhm i gcoinne Feisire ach amháin i gcás ina bhfuil toiliú faighte roimh ré ón bParlaimint Náisiúnta;

G. de bhrí, i gcomhréir le Riail 5(2) de Rialacha Nós Imeachta, nach pribhléid phearsanta í díolúine pharlaiminteach don Fheisire, ach gur ráthaíocht í ar neamhspleáchas Pharlaimint na hEorpa ina hiomláine agus a Feisirí;

H. de bhrí gurb é is cuspóir do dhíolúine dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh ná Parlaimint na hEorpa agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh agus nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

I. de réir go leanann sé ó chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil rogha leathan ag an bParlaimint 'nuair a chinntear iarraidh ar tharscaoileadh díolúine a dheonú nó diúltú di (...), de bharr cineál polaitúil cinnidh den sórt sin'[1];

J. de bhrí go bhfuil Péter Magyar ina uachtarán ar Pháirtí Tisza (*Tisztelet és Szabadság Párt*) agus ina cheann freisin ar liosta iarrthóirí an pháirtí sin do thoghcháin Eorpacha 2024; de bhrí gur ghlac Mi Hazánk Mozgalom páirt freisin i dtoghcháin Eorpacha 2024 agus gur féidir, dá bhrí sin, í a mheas mar iomaitheoir polaitiúil díreach le Péter Magyar; de bhrí go mbíonn iomaitheoirí polaitiúla faoi réir cáineadh agus conspóid mhéadaithe de ghnáth sa díospóireacht pholaitiúil i gcomparáid le haon saoránach nach bhfuil

---

1 Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, Gollnisch v an Pharlaimint, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23, mír 59 agus an cásdlí a luaitear.

gníomhach go polaitiúil; de bhrí go ndealraíonn sé faoi dhlí na hUngáire gur féidir éilimh chlúmhillte a thionscnamh ar bhonn dlí choiriúl agus ar bhonn dlí shibhialta araon, le difríochtaí suntasacha sna hiarmhairtí dlíthiúla comhfhreagracha, lena n-áirítear príosúnacht; de bhrí, sa chás seo, go n-ardaíonn rogha na caingne coiriúla amhras maidir lena cuspóir, a d'fhéadfadh a bheith ag dul thar an aidhm dhlisteanach cúiteamh a fháil as an damáiste líomhnaithe agus go dtugann sé le fios go dtéann an aidhm atá á saothrú thar an aidhm dlisteanach sin agus go bhféachann sí le damáiste a dhéanamh do chlú Péter Magyar ina cháil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

K. de bhrí go n-ardaíonn na gnéithe a leagtar amach thuas imní thromchúiseach maidir leis an rún a d'fhéadfadh a bheith ann an bonn a bhaint de ghníomhaíocht pholaitiúil Péter Magyar, agus go háirithe dá ghníomhaíocht mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

L. de bhrí go ndealraíonn sé, dá bhrí sin, gur cás é sin inar féidir glacadh leis gurb ann do chás *fumus persecutionis*, i.e. 'fianaise nithiúil'[1]ina léirítear gur tionscnaíodh na himeachtaí dlíthiúla le hintinn an bonn a bhaint ó ghníomhaíocht pholaitiúil Péter Magyar an iarraidh ar dhíolúine a bhaint, agus go háirithe lena gníomhaíocht mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa atá ag rith i dtoghcháin Eorpacha 2024 ag ceann liosta a páirtí polaitíochta;

M. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar 'chúisí'[2];

1. Iarraidh ar gan díolúine Péter Magyar a tharscaoileadh

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúla na hUngáire agus chuig Péter Magyar.

---

1 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Meán Fómhair 2020, Troszczynski v an Pharlaimint, C-12/19, ECLI:EU:C:2020:725, mír 26.

2 breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, Briois v Parlaimint, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;